RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2022/26 ÓN gCOIMISIÚN

an 24 Meán Fómhair 2021

lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála lena sonraítear coincheap na gcuntas leithscartha chun cosaint airgid chliaint a áirithiú i gcás ina gcliseann ar ghnólacht infheistíochta

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/2033 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Samhain 2019 maidir leis na ceanglais stuamachta ar ghnólachtaí infheistíochta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1093/2010, (AE) Uimh. 575/2013, (AE) Uimh. 600/2014 agus (AE) Uimh. 806/2014 ([1]), agus go háirithe an tríú fomhír d'Airteagal 15(5), i gcomhar le pointe (b) den chéad fhomhír d'Airteagal 15(5)(b) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déantar sainmhíniú ar chuntais leithscartha i bpointe (49) d'Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) 2019/2033 chun críocha Thábla 1 in Airteagal 15(2) den Rialachán sin. Chun a chur ar chumas gnólachtaí infheistíochta comhéifeachtaí níos ísle a chur i bhfeidhm chun an ceanglas cistí dílse a ríomh "airgead cliant ar seilbh", i gcás ina bhfuil airgead cliant ar seilbh i gcuntais leithscartha, ba cheart a shonrú i dtaobh choincheap na gcuntas leithscartha go nglactar leis na coinníollacha lena n-áirithítear cosaint ar airgead cliant i gcás chliseadh gnólachta infheistíochta. Ós rud é go leagtar amach na coinníollacha sin in Airteagal 2(1) de Threoir Tharmligthe (AE) 2017/593 ón gCoimisiún ([2]), is iomchuí tagairt a dhéanamh do na coinníollacha céanna chun coincheap na gcuntas leithscartha a shonrú faoin Rialachán seo. Dá bhrí sin, ba cheart a bhunú leis an Rialachán seo sraith ceanglas atá cosúil leo siúd a leagtar síos in Airteagal 2(1) de Threoir Tharmligthe (AE) 2017/593.

(2) Tá an Rialachán seo bunaithe ar na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála a chuir an tÚdarás Baincéireachta Eorpach faoi bhráid an Choimisiúin.

(3) Rinne an tÚdarás Baincéireachta Eorpach comhairliúcháin phoiblí oscailte a reáchtáil maidir leis na dréachtchaighdeáin theicniúla rialála ar a bhfuil an Rialachán seo bunaithe, rinne sé anailís ar na costais agus ar na tairbhí a d'fhéadfadh a bheith ag baint leo ann agus d'iarr sé comhairle ar an nGrúpa Geallsealbhóirí Baincéireachta arna bhunú i gcomhréir le hAirteagal 37 de Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]),

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Coincheap na gcuntas leithscartha

Maidir leis na coinníollacha lena n-áirithítear cosaint airgid cliant i gcás ina gcliseann ar ghnólacht infheistíochta, ciallóidh coincheap na gcuntas leithscartha dá dtagraítear in Airteagal 15(5)(b) de Rialachán (AE) 2019/2033 an méid seo a leanas:

(a) coimeádtar taifid agus cuntais ar bhealach a chuireann ar chumas gnólachtaí infheistíochta, tráth ar bith agus gan mhoill, cistí atá ar seilbh le haghaidh cliant amháin a idirdhealú ó chistí atá ar seilbh le haghaidh cliant ar bith eile agus óna gcistí dílse féin;

([1]) IO L 314, 5.12.2019, lch. 1.

([2]) Treoir Tharmligthe (AE) 2017/593 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Treoir 2014/65/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hionstraimí airgeadais agus cistí ar le cliaint iad a choimirciú, oibleagáidí um rialachas táirgí agus na rialacha is infheidhme maidir le táillí, coimisiúin nó tairbhí airgeadaíochta nó neamhairgeadaíochta ar bith a sholáthar nó a fháil (IO L 87, 31.3.2017, lch. 500).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena mbunaítear Údarás Maoirseachta Eorpach (An tÚdarás Baincéireachta Eorpach), lena leasaítear Cinneadh Uimh. 716/2009/CE agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2009/78/CE ón gCoimisiún (IO L 331, 15.12.2010, lch. 12).

(b) coimeádtar taifid agus cuntais ar bhealach lena n-áirithítear a gcruinneas, agus go háirithe a gcomhfhreagras leis na cistí a choimeádtar do chliaint, agus lena bhféadfar iad a úsáid mar rian iniúchóireachta;

(c) seoltar réitigh ar bhonn rialta idir cuntais agus taifid inmheánacha gnólachtaí infheistíochta agus cuntais agus taifid tríú páirtithe ar bith a choinníonn na cistí sin;

(d) tá na bearta is gá déanta chun a chinntiú go ndéanfar na cistí cliant arna dtaisceadh a shealbhú i gcuntas nó i gcuntais a shainaithnítear ar leithligh ó aon chuntais a úsáidtear chun cistí de chuid an ghnólachta infheistíochta a shealbhú;

(e) tugadh socruithe eagraíochtúla leordhóthanacha isteach chun íoslaghdú a dhéanamh ar an riosca go gcaillfí nó go laghdófaí cistí cliant, nó cearta i ndáil leis na cistí sin, mar thoradh ar mhí-úsáid na gcistí, calaois, drochriarachán, coimeád taifead neamhleor nó faillí.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 24 Meán Fómhair 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN